



## **Déanann an tAire Doherty trácht ar an Ráta Dífhostaíochta i Meitheamh 2019**

**2 Iúil, 2019:** Chuir an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, Regina Doherty TD, fáilte roimh na staitisticí is déanaí a d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh inniu a léirigh go raibh an ráta dífhostaíochta a choigeartaítear go séasúrach 4.5% i Meitheamh 2019, i gcomparáid le 5.9% dhá mhí dhéag roimhe sin i Meitheamh 2018.

Ba ionann líon na ndaoine dífhostaithe, agus é coigeartaithe go séasúrach, agus 109,700 i Meitheamh 2019, i gcomparáid le 140,200 i Meitheamh 2018, arb ionann é sin agus laghdú bliain in aghaidh bliana 30,500.

Dúirt an tAire Doherty:

**"Is réasúnta suntasach é an laghdú a tháinig ar an ráta dífhostaíochta le dhá mhí dmhí dhéags, ó 5.9% i Meitheamh 2018 go dtí 4.5% i Meitheamh 2019, go háirithe nuair a chuirtear i gcomparáid leis an bhfigiúr i bhFeabhra 2012 é, nuair a bhí sé ag a bhuaicphointe de 16.0%. Leanamar orainn ag déanamh dul chun cinn mór chun aghaidh a thabhairt ar dhífhostaíocht i ngach réigiún den tír agus, dá bharr sin, tá an tír ag baint tairbhe as lucht saothair láidir agus geilleagar faoi bhláth.**

**"I réimse na hóg-dhífhostaíochta, ba ionann an ráta dífhostaíochta atá coigeartaithe go séasúrach agus 10.1% i Meitheamh 2019, i gcomparáid le 14.3% i Meitheamh 2018. Is feabhas é sin, ach leanfaidh mise agus mo chomhghleacaithe sa Rialtas dár n-iarrachtaí a dhíriú ar na tacaíochtaí a theastaíonn ónár ndaoine óga a chur ar fáil trí phrintíseachtaí agus oiliúint."**

### **Nóta d'Eagarthóirí Nuachta**

I measc shamplaí na dtacaíochtaí a chuireann an Roinn ar fáil don lucht cuardaitheora post agus fostóirí, tá:

#### **An Scéim Fostaíochta don Aos Óg (YESS)**

Sheol an tAire Doherty scéim YESS na Roinne i Meán Fómhair 2018. Is scéim nua taithí oibre é YESS atá dírithe go hiomlán ar chuardaitheoirí post óga, idir 18 agus 24 bliain d'aois, atá dífhostaithe go fadtéarmach nó a bhfuil bacainní suntasacha rompu ó thaobh fostaíocht a fháil.

Cuireann JobsIreland.ie, ar suíomh gréasáin náisiúnta earcaíochta na Roinne é, fógraíocht folúntais agus seirbhís meaitseála iarrthóirí ar fáil d'fhostóirí saor in aisce ar mian leo folúntais phoist, printíseachtaí agus scéimeanna fostaíochta pobail a fhógairt. Tá folúntais YESS fógartha ar JobsIreland.ie chomh maith. Tá an tseirbhís ar fáil do gach fostóir, beag beann ar a mhéid agus an earnáil tionscail ina bhfuil siad. **Tá os cionn 6,000 post fógartha ar an suíomh faoi láthair.** Cuireann JobsIreland.ie an deis ar fáil d'iarrthóirí clárú agus cuardach a dhéanamh ar na poist is déanaí sa mhargadh. Tá an deis ag iarrthóirí CV ar líne a chruthú ar JobsIreland.ie agus cuirtear ar an eolas go huathoibríoch iad maidir le folúntais atá ag teacht le chéile lena bpróifíl.

## **JobsPlus**

Cuireann JobsPlus dreasacht airgid mhíosúil dhíreach ar fáil d'fhostóirí a sholáthraíonn deiseanna fostaíochta lánaimseartha do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach. Cuireadh leis an scém arís ón 1 Eanáir 2018 chun tacú le hoibrithe atá 50 bliain d'aois agus os a chionn. Rinneadh 20,000 íocaíocht tríd an scém seo go dtí seo.

## **Aonaigh Post**

Chomh maith leis sin, óstálann an Roinn roinnt Aonach Post agus imeachtaí eile le linn na bliana, agus leagadh béim ar leith ar ár Seachtain na bPost a bhíonn ar siúl gach bliain. Chomh maith leis sin óstálann an Roinn roinnt aonach post in éineacht le EURES, Seirbhís Earcaíochta na hEorpa. Leanann an Roinn de theagmháil a dhéanamh le fostóirí ar fud na tíre lena chinntiú gur féidir le cuardaitheoirí post leas a bhaint as an méid mór post atá á gcruthú ag fostóirí.

## **Scéimeanna Fostaíochta Pobail agus TÚS**

Anuas air sin, leanann an Roinn de thaithí oibre luachmhar a chur ar fáil dóibh siúd atá dífhostaithe go fadtéarmach trí na scéimeanna Fostaíochta Pobail agus TÚS. Cuireann na scéimeanna sin seirbhísí tábhachtacha áitiúla ar fáil i mbailte agus sráidbhailte ar fud na tíre.

## **CRÍOCH**

Sonraí Teagmhála na Preasoifige

R: [press.office@welfare.ie](mailto:press.office@welfare.ie)

T: 01 704 3082

Twitter: @welfare\_ie